# Tasc Measúnaithe - Nuatheangacha Iasachta

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Eanáir 2020

# Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Tasc Measúnaithe NTI 2020 | 5 |
| Leabhráin a Chur Isteach | 6 |
| An Chéad Chéim (tréimhse ranga 1) | 7 |
| An Dara Chéim (tréimhse rang 2) | 8 |
| Cuid A - Machnamh a dhéanamh ar théacsanna | 10 |
| Cuid B - Machnamh a dhéanamh ar m’fhoghlaim teanga | 11 |
| Treoir do mhúinteoirí | 12 |

# Réamhrá

Cuireann scoláirí Tasc Measúnaithe scríofa i gcrích atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit i gcomhair ceartúcháin mar chuid den scrúdú atá deimhnithe ag an stát do Nuatheangacha Iasachta. Leithdháilfear 10% de na marcanna, a úsáidtear chun grád Choimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanamh amach, ar an tasc. Baineann an Tasc Measúnaithe go díreach le nádúr agus le fócas Mheasúnú 2 Bunaithe ar an Seomra Ranga: Punann Teanga an Scoláire.

Is é an cuspóir atá leis an Tasc Measúnaithe ná go dtabharfaidh scoláirí faoi mhachnamh fócasaithe ar a gcuid foghlama teanga ach Punann Teanga a chur le chéile do Mheasúnú 2 Bunaithe ar an Seomra Ranga.

Mar chuid den Tasc Measúnaithe, déanfar gnéithe d'fhoghlaim na scoláirí a mheas, lena n-áirítear:

- Cumas na scoláirí achoimre a thabhairt ar agus plé a dhéanamh ar a gcuid eispéireas maidir le punann ar fhoghlaim teanga a chur le chéile - an tuiscint atá acu ar agus a measúnú ar an eispéireas sin
- Cumas na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na scileanna atá forbartha acu
- An tuiscint atá ag na scoláirí ar ghné chultúrtha de thír na sprioctheanga faoina mbeidh fianaise d'fhoghlaim i bpunann gach scoláire.

Ós rud é gurb é scoláirí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar phróiseas na foghlama teanga an príomhchuspóir atá leis an Tasc Measúnaithe, beidh na ceisteanna agus na freagraí i dteanga na scolaíochta. Tá an Tasc Measúnaithe ag Comhleibhéal agus cuirfear an réimse leathan scoláirí atá ag tabhairt faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna. Tá dhá chéim i gceist leis: ar an gcéad dul síos, plé agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga, mar a fheictear i bpunann teanga na scoláirí; agus ar an dara dul síos, rudaí a scríobh i leabhrán an Taisc Mheasúnaithe agus é a chur i gcrích.

# Tráthúlacht Thasc Measúnaithe NTI 2020

Cuirfidh scoileanna Tasc Measúnaithe NTI i gcrích thar dhá rang laistigh de thréimhse seachtaine, de réir mar a shocraíonn an scoil é. Titfidh an tseachtain seo idir Dé Luain 6 Eanáir agus Dé Luain 23 Márta 2020.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích thar 80 nóiméad laistigh de rang dúbailte nó dhá rang aonair. Roinntear an tréimhse ama 80 nóiméad ina dá chéim: Úsáidtear an chéid chéim (40 nóiméad) ar mhaithe le cuspóirí ullmhúcháin; úsáidtear an dara céim (40 nóiméad) chun freagraí ar an tasc a scríobh. Tá an TM, a ndéantar achoimre air thíos, bunaithe ar phríomhchuspóir Phunann Teanga an Scoláire, a thugann an deis do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar phróiseas na foghlama teanga agus a gcuid éachtaí foghlama teanga a léiriú ach punann de réimse leathan téacsanna a chur le chéile.

**Caithfidh scoláirí Measúnú 2 Bunaithe ar an Seomra Ranga: Punann Teanga an Scoilaire a dhéanamh sula dtugann siad faoin Tasc Measúnaithe.**

Déantar an tasc ina dhá chéim agus maireann gach céim 40 nóiméad.

Tabhair faoi deara: Is cuma má dhéanann scoláirí an Tasc Measúnaithe le linn dhá rang aonair nó rang dúbailte, caithfear an tasc a chríochnú laistigh de 80 nóiméad ar a mhéad.

# Leabhráin a Chur Isteach

Scríobhtar freagra an scoláire i leabhrán pro forma agus cuireann an scoil na leabhráin chríochnaithe don Tasc Measúnaithe ar aghaidh, de réir socruithe atá leagtha amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Cuireann CSS an marc a bhronntar ar an Tasc Measúnaithe leis an marc a bhronntar ar an scrúdú scríofa chun an grád foriomlán don scrúdú deiridh atá deimhnithe ag an stát a dhéanamh amach sna nuatheangacha iasachta ábhartha.

Má tá scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe ar fad nó cuid de, ba chóir do scoileanna socruithe áitiúla a dhéanamh sa scoil chun ligean don scoláire an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don achar ama atá sceidealaithe.

# An próiseas a bhaineann leis an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích

Tá an Tasc Measúnaithe bunaithe ar an dara Measúnú Bunaithe ar an Seomra Ranga do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Dírítear ar phróiseas na foghlama teanga i bpunann teanga an scoláire. Tugann sé deis don scoláire NTI spriocanna pearsanta foghlama a leagan amach, dul i ngleic le agus machnamh a dhéanamh ar a f(h)oghlaim teanga, agus a f(h)easacht shoch-chultúrtha agus idirchultúrtha a fhorbairt. Foghlaimíonn scoláirí a lán rudaí ó phróiseas an tsealbhaithe teanga nuair a úsáideann siad punann chun taifead agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus chun muinín maidir le hidirghníomhaíocht agus feasacht ar phróiseas an tsealbhaithe teanga a fhorbairt.

# An Chéad Chéim (Tréimhse ranga 1): Plé agus Machnamh (40 nóiméad)

**Spreagthach agus plé:** thart ar 15 nóiméad

Léann/féachann/éisteann scoláirí le agus pléann siad píosa amháin d'ábhar spreagthaigh ó curriculumonline.ie

Dírítear sa phlé ar phróiseas na foghlama teanga agus ar an gcaoi a léiríonn an spreagthach eispéireas na scoláirí ar an bhfoghlaim teanga agus/nó a mbíonn sé difriúil ón eispéireas sin. Is féidir plé a dhéanamh i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus/nó mar rang iomlán. Is é an cuspóir atá leis an spreagthach ná plé agus machnamh a spreagadh i measc scoláirí maidir lena gcuid eispéireas féin. Spreagann sé seo smaointeoireacht na scoláirí. Iarrtar ar dhaltaí sa tasc léargais a thabhairt ar a gcuid eispéireas féin, áfach, agus ní chaithfidh siad tagairt a dhéanamh don spreagthach ina gcuid freagraí dá bharr.

**Machnamh agus ullmhúchán:** thart ar 25 nóiméad

Léann scoláirí na ceisteanna sa leabhrán (cuid A), tugtar leideanna scríbhneoireachta dóibh do chuid B (thíos) agus smaoiníonn siad ar an gcaoi a bhféadfaidís freagairt. Táthar ag súil go mbeidh am ciúin machnaimh, den chuid is mó, i gceist leis seo.  D'fhéadfadh múinteoirí na ceisteanna a léamh amach agus/nó brí na bhfocal nó na bhfrásaí a shoiléiriú, mar is cuí, le cinntiú go dtuigeann gach scoláire an tasc. Beidh tacaíochtaí atá ar fáil do dhaltaí le linn na scoilbhliana ar fáil dóibh agus iad ag tabhairt faoin Tasc Measúnaithe.

B'fhéidir gur mhaith le scoláirí smaoineamh ar aon mhachnamh agus/nó nóta machnaimh a bhaineann leis an trí théacs a chuir siad isteach don mheasúnú. Cabhróidh sé seo leo cinneadh a dhéanamh faoi na gnéithe d'eispéiris na foghlama teanga a dtarraingeoidh siad orthu chun cuid A a fhreagairt.

D’fhéadfaidís tagairt a dhéanamh do théacsanna eile agus d’eispéiris foghlama teanga eile agus iad ag freagairt do na leideanna i gcuid B freisin. Tá go leor de na téacsanna i bpunann teanga an scoláire ilmhódach agus digiteach, áfach, agus níltear ag súil go mbeidh rochtain ag scoláirí ar a bpunann agus an Tasc Measúnaithe á dhéanamh acu.

Is féidir le scoláirí machnamh a dhéanamh ar fhreagraí féideartha thar oíche ach déantar an leabhrán a chomhlíonadh i rang a ndéantar maoirseacht air agus a mhaireann 40 nóiméad. Sa chomhthéacs seo, d’fhéadfadh scoláirí nóta a ghlacadh de na ceisteanna/ leideanna ach níor chóir dóibh an leabhrán a thabhairt abhaile ná freagraí réamhullmhaithe scríofa a thabhairt go dtí an chéad rang eile ina gcomhlánóidh siad an leabhrán.

## An Dara Céim (Tréimhse ranga 2): 40 nóiméad

***(an chéad rang NTI eile ar an amchlár atá agat leis an ngrúpa seo)***

## Scríbhneoireacht: thart ar 35 nóiméad

- Mar a luadh thuas, tá rochtain ag scoláirí ar aon mhachnamh nó nóta machnaimh a scríobh siad agus a gcuid téacsanna á gcruthú acu.
- Comhlánaíonn scoláirí an leabhrán as a stuaim féin agus déanann múinteoirí maoirseacht orthu gan cúnamh a thabhairt dóibh, seachas nuair a theastaíonn tacaíocht chun baic ar fhoghlaim a bhaint, ar aon dul leis na tacaíochtaí atá ar fáil do na scoláirí i rith na scoilbhliana.

## Aighneacht: thart ar 5 nóiméad

- Cuireann na scoláirí lipéid ar na leabhráin agus leanann an múinteoir nósanna imeachta na scoile maidir le leabhráin a stóráil/a chur faoi bhráid CCS.
- Ní chuirtear téacsanna ó phunainn na scoláirí chuig CCS.

| Cuid A | Machnamh a dhéanamh ar théacsanna |
|---|---|

**Ceist 1**

a) Tabhair **teideal** agus **cineál** na **dtrí** théacs ó do Phunann Teanga Scoláire a roghnaigh tú lena measúnú.

b) Cén fáth ar roghnaigh tú na téacsanna seo?

**Ceist 2**

a) Roghnaigh ceann amháin de na téacsanna seo agus tabhair míniú ar cad a d'fhoghlaim tú faoin teanga agus/nó faoin gcultúr de thoradh é a chruthú.

b) Mínigh cad a dhéanfá ar bhealach difriúil an chéad uair eile duit an cineál céanna téacs a chruthú.

| Cuid B | Machnamh a dhéanamh ar m’fhoghlaim teanga |
|---|---|

**Ceist 3**

Smaoinigh ar an bpróiseas a bhain le do Phunann Teanga a chruthú agus scríobh alt gairid mar fhreagra ar **dhá** cheann de na **leideanna** seo a leanas, sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán:

(a) Conas a cabhraigh téacs a scríobh ar ábhar a bhfuil spéis agam ann le m’fhoghlaim teanga (d’fhéadfadh an téacs a bheith i bhformáid ar bith m.sh. labhartha, scríofa, digiteach srl).

(b) Conas a chabhraigh m’fheasacht ar phatrúin teanga liom mar fhoghlaimeoir teanga

(c) Conas a bhí píosa áirithe aiseolais úsáideach dom mar fhoghlaimeoir teanga.

(d) Conas a chabhraigh an tuiscint atá agam ar nósanna nó ar iompraíochtaí i dtír na sprioctheanga le m’fhoghlaim teanga.

(e) Píosa áirithe aiseolais a thabharfainn d’fhoghlaimeoirí eile teanga.

*Sprioctheanga = an nuatheanga iasachta atá á foghlaim agat ar scoil

# Treoir do mhúinteoirí

## Cad a chaithfidh mé a dhéanamh roimh an Tasc Measúnaithe agus le linn an Taisc?

**Roimh an tasc:**

- Réamhroghnaigh **píosa amháin d'ábhar spreagthaigh** ó na roghanna thuas.
- Tabhair na leideanna sonraithe do Chuid B (féach thuas, leathanach 11) faoi deara mar nach mbeidh siad sa leabhrán.
- D'fhéadfadh nótaí machnaimh cabhrú leis na scoláirí an tasc a chur i gcrích. Meabhraigh do na scoláirí na nótaí seo a bheith acu.

**Le linn an taisc: céim 1 - 40 nóiméad**

- Taispeáin an t-ábhar spreagthaigh do na scoláirí. Tabhair am dóibh plé a dhéanamh[1].
- Tabhair na leabhráin atá leis an tasc measúnaithe agus na leideanna sonraithe scríbhneoireachta do chuid B do dhaltaí. Tabhair am dóibh chun machnamh a dhéanamh freisin. Más cuí, d'fhéadfadh múinteoirí na ceisteanna a léamh amach agus/nó brí na bhfocal nó na bhfrásaí a shoiléiriú do dhaltaí.

**Le linn an taisc: céim 2 - 40 nóiméad**

- Déan maoirseacht ar na scoláirí agus a gcuid freagraí á scríobh acu sa leabhrán.
- Bailigh na leabhráin a bhfuil lipéid shoiléire orthu agus lean nósanna imeachta bunaithe na scoile maidir le hábhar a stóráil/a chur faoi bhráid CCS.

**Tabhair faoi deara:** Is cuma má dhéanann do dhaltaí an Tasc Measúnaithe le linn dhá rang aonair nó rang dúbailte, luaitear sna céimeanna thuas go gcaithfear an tasc a chríochnú laistigh de 80 nóiméad ar a mhéad.

[1] Tabhair faoi deara: mar a luadh ar leathanach 7 thuas, is é an cuspóir atá leis an spreagthach ná plé agus machnamh a spreagadh i measc scoláirí maidir lena gcuid eispéireas féin. Ní chaithfidh siad tagairt a dhéanamh don spreagthach ina gcuid freagraí.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment